AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.12.2025
COM(2025) 770 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le cur chun feidhme an Chiste don Nuálaíocht in 2024

Clár

1. Rannchuidithe punainne tionscadail le cuspóirí aeráidneodrachta an Aontais 2

2. Garspriocanna cur chun feidhme 2024 4

2.1. Glaonna deontais 4

2.1.1. Torthaí glao IF23 NZT 4

2.1.2. Seoladh ghlaonna IF24 8

2.2. Ceantanna 9

2.2.1. Torthaí cheant IF23 9

2.2.2. Seoladh cheant IF24 10

2.2.3. Ceantanna mar Sheirbhís 10

2.3. Naisc le cláir eile 11

2.3.1. An Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) 11

2.3.2. An tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP) 12

3. Staid Phunann an Chiste don Nuálaíocht in 2024 12

3.1. Forbhreathnú ar thorthaí na nglaonna 12

3.2. Aibíocht tionscadail, stádas cur chun feidhme agus dúshláin 13

3.3. Punann de réir earnála 14

3.4. Cothromaíocht gheografach 17

3.5. Seachaint GCT 20

4. Cumarsáid a dhéanamh agus infheictheacht a mhéadú 20

4.1. Líonra na bpointí teagmhála náisiúnta 20

4.2. Grúpa saineolaithe an Chiste don Nuálaíocht agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara 21

4.3. Comhroinnt eolais 21

4.4. Scéalta ratha 21

5. Conclúid 22

Faoi Airteagal 10a(8) den Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí, ní mór don Choimisiún Eorpach tuairisciú go bliantúil don Choiste um Athrú Aeráide maidir le cur chun feidhme an Chiste don Nuálaíocht ('an Ciste'), arb é is aidhm dó réitigh a mhargú ar fud an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE) chun earnálacha a chumhdaítear le Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA AE) a dhícharbónú. Tugtar tacaíocht leis an ionstraim chistiúcháin sin do theicneolaíochtaí nuálacha agus tionscadail shuaitheanta a chur in úsáid lena ngealltar laghduithe móra ar astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) agus lenar féidir cásanna gnó 'tionscal glan' a léiriú. Ceapadh í mar chuid den Chomhaontú Glas don Eoraip agus i gcomhréir le spriocanna Chomhaontú Pháras chun tacú le haistriú na hEorpa chuig an aeráidneodracht agus, an tráth céanna, a hiomaíochas a neartú.

Tugtar tacaíocht leis an gCiste do thionscadail trí dheontais chnapshuime (deontais thráthrialta) agus ranníocaíochtaí aonaid (ceantanna).

Sonraítear sa tuarascáil seo leithdháileadh an chistithe arna dhámhachtain ar thionscadail de réir earnála agus tíre incháilithe agus déantar anailís inti ar a rannchuidithe le cuspóirí beartais an Aontais, lena gcumhdaítear cur chun feidhme an Chiste ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2024.

1. RANNCHUIDITHE PUNAINNE TIONSCADAIL LE CUSPÓIRÍ AERÁIDNEODRACHTA AN AONTAIS

Is é is aidhm do Phlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais iomaíochas thionscal glan-nialasachta na hEorpa a mhéadú, go háirithe tríd an nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta, lena leagtar síos spriocanna maidir le hacmhainneacht thionsclaíoch ghlan-nialasachta agus lena gcuirtear dlús le cur in úsáid na hacmhainneachta sin. Tugtar tacaíocht dhíreach leis an gCiste do na beartais sin trí thopaic thiomnaithe a thabhairt isteach le haghaidh monaraíocht teicneolaíochta glaine le buiséad dar luach EUR 1.4 billiún faoi ghlao IF23 NZT ar dheontais thráthrialta. Ar an iomlán, mar thoradh air sin, tugadh tacaíocht leis an gCiste do phunann láidir tionscadal ([1]) chun monaraíocht phríomhtheicneolaíochtaí a chur chun cinn san aistriú chuig an aeráidneodracht. San iomlán, roghnaíodh 25 thionscadal monaraíochta teicneolaíochta glaine nua i nglao IF23 NZT, sa bhreis ar na 15 thionscadal atá ann cheana atá dírithe ar ghléasraí monaraíochta a fhorbairt, a thógáil agus a oibriú le haghaidh príomh-chomhpháirteanna i stóráil fuinnimh, i bhfuinneamh in-athnuaite agus i dtionscail dianfhuinnimh.

(i) Fágfaidh sé sin gur EUR 2,4 billiún a bheidh i dtacaíocht iomlán an Chiste do mhonaraíocht ghlan-nialasach ([2]) an Aontais. Is é is aidhm do na tionscadail sin 8,1 GW d'acmhainneacht monaraíochta fótavoltach gréine agus 11,6 GW d'acmhainneacht táirgeachta leictrealóirí in aghaidh na bliana a shuiteáil.

(ii) San iomlán, tá 41 thionscadal nuálaíochta agus níos mó ná EUR 5 bhilliún ón gCiste don Nuálaíocht tiomnaithe do thacaíocht a thabhairt do bhainistiú carbóin thionsclaíoch ó bhí 2020 ann. Áirítear leis sin suas le 18,6 milliún tona in aghaidh na bliana d'acmhainneacht gabhála CO_2 le haghaidh gabháil agus stóráil carbóin (GSC) (a d'fhéadfadh 37 % den sprioc acmhainneachta insteallta CO_2 faoin nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta a bhaint amach) agus suas le 11,7 milliún tona in aghaidh na bliana d'acmhainneacht insteallta CO_2 (23 % den sprioc maidir le hacmhainneacht insteallta CO_2 faoin nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta).

([1]) Áirítear tionscadail a dámhadh faoi IF23 i dtuarascáil 2024 cé gur shínigh siad a gcomhaontú deontais go luath in 2025.

([2]) Tionscadail in earnálacha an Chiste don Nuálaíocht lena monaraítear comhpháirteanna le haghaidh fuinneamh in-athnuaite, stóráil fuinnimh nó tionscal dianfhuinnimh.

Ina theannta sin, méadófar leis an gCiste an sciar foinsí in-athnuaite fuinnimh sa mheascán leictreachais agus feabhsófar leis slándáil fuinnimh trí thacú le cur in úsáid teicneolaíochta spriocdhírithe a leagtar amach sa Treoir athbhreithnithe maidir le Fuinneamh In-athnuaite, sa Phlean gníomhaíochta Eorpach um chumhacht ghaoithe agus sa straitéis chun uaillmhianta an Aontais maidir le fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta a bhaint amach. Lena n-áirítear tionscadail atá roghnaithe faoi IF23, tugtar tacaíocht leis an gCiste don Nuálaíocht do 11 thionscadal gaoithe nó monaraíochta gaoithe (lena ndeonaítear EUR 375 mhilliún i gcabhair), 14 thionscadal gréine agus monaraíochta gréine (EUR 607 milliún), cúig thionscadal hidreafhuinnimh agus aigéin (EUR 118 milliún) agus tionscadal geoiteirmeach amháin (EUR 92 mhilliún).

Cuirtear i dtábhacht i bplean REPowerEU hidrigin a tháirgtear trí úsáid a bhaint as leictreachas in-athnuaite, ar a dtugtar 'hidrigin ar breosla in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch í ([3])', mar rogha aeráidneodrach d'earnálacha ar deacair iad a dhícharbónú. Tugtar tacaíocht leis an gCiste do léiriú teicneolaíochtaí nuálacha atá bunaithe ar hidrigin in-athnuaite agus, dá bhrí sin, tá ról ríthábhachtach aige maidir le straitéis hidrigine an Aontais Eorpaigh a chur i gcrích. Le torthaí IF23 a fógraíodh agus atá ann cheana, deonaítear cistiú do 27 dtionscadal a bhfuil sé d'acmhainn acu níos mó ná 750 cileagram de bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus hidrigin ísealcharbóin a tháirgeadh in aghaidh na bliana.

Tá stóráil fuinnimh ríthábhachtach d'earnáil na soghluaisteachta agus chun an soláthar leictreachais a chothromú ar leibhéal eangaí. Tá EUR 752 mhilliún deonaithe ag an gCiste don Nuálaíocht do 13 thionscadal le haghaidh na soghluaisteachta, na stórála ionlae agus na stórála fadtéarmaí. Áirítear orthu sin teirmeastóráil i gcarraigeacha eibhir, stóráil teasa faoi thalamh le haghaidh córais téimh ceantair, córais stórála fuinnimh i gceallraí ar scála eangaí agus hidreastóráil phumpála.

Tugtar tacaíocht leis an gCiste freisin d'fhorbairt breoslaí malartacha, i gcomhréir leis na Rialacháin maidir le ReFuelEU Aviation agus FuelEU Maritime:

(i) EUR 1,6 billiún le haghaidh tionscadail bhreosla, lena n-áirítear EUR 612 mhilliún le haghaidh breosla a tháirgtear go heisiach don earnáil iompair. Áirítear orthu sin 14 thionscadal hidrigine (EUR 522 mhilliún), cúig thionscadal ríomh-mheatánóil (EUR 273 mhilliún), trí thionscadal amóinia (EUR 530 milliún), dhá thionscadal bhreosla eitlíochta inbhuanaithe (EUR 206 mhilliún), dhá thionscadal ríomh-mheatáin (EUR 87 milliún) agus tionscadal bith-GNL amháin (EUR 4 mhilliún).

(ii) Is é is aidhm d'ocht dtionscadal atá dírithe ar shoghluaisteacht 27 milliún tCO_2-eq a sheachaint. Áirítear orthu sin sé thionscadal san earnáil mhuirí a fhaigheann tacaíocht thiomnaithe dar luach EUR 211 mhilliún agus EUR 95 mhilliún i gcistiú le haghaidh aerárthach leictreach.

Ar deireadh, léirítear le tionscadail an Chiste acmhainn mhór chun cuidiú le spriocanna an Dlí Aeráide Eorpaigh a bhaint amach maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 963 Mt CO_2-eq i gcaitheamh thréimhse 10 mbliana ([4]). I bhfianaise ardacmhainn inmhacasamhlaitheachta na dteicneolaíochtaí a úsáidtear, cuideoidh sé sin go mór leis an Eoraip a bheith ar an gcéad mhór-roinn aeráidneodrach ar domhan faoi 2050.

Ag deireadh 2024, bhí 199 dtionscadal sínithe nó roghnaithe ag an gCiste don Nuálaíocht ar fud 26 thír, agus EUR 11,2 billiún san iomlán á leithdháileadh mar thacaíocht.

Tugtar forléargas sa tábla thíos ar na tionscadail sin de réir catagóire:

Roghnaithe faoi IF23	Punann atá ann cheana	Cumasctha

([3]) Breosla in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch.

([4]) Lena n-áirítear tionscadail a roghnaíodh faoi IF23.

	Líon	Cistiú	Líon	Cistiú	Líon	Cistiú
Gabháil agus stóráil carbóin (GSC)	8	EUR 936 160 409	12	EUR 1 987 720 372	20	EUR 2 923 880 781
Tionscail dianfhuinnimh	39	EUR 1 831 432 232	61	EUR 3 278 349 963	100	EUR 5 109 782 195
Stóráil fuinnimh	12	EUR 1 099 273 509	16	EUR 374 380 998	28	EUR 1 473 654 507
Stóráil fuinnimh in-athnuaite	18	EUR 524 228 263	25	EUR 799 278 346	43	EUR 1 323 506 609
Soghluaisteacht	8	EUR 377 956 916	0	EUR-	8	EUR 377 956 916
Iomlán	**85**	**EUR 769 051 328**	**114**	**EUR 6 439 729 680**	**199**	**EUR 11 208 781 008**

2. GARSPRIOCANNA CUR CHUN FEIDHME 2024

2.1. Glaonna deontais

2.1.1. Torthaí glao IF23 NZT

An 12 Aibreán 2024, d'fhógair an Ard-Stiúrthóireacht um Ghníomhú ar son na hAeráide (AS CLIMA) gur cuireadh 337 dtogra ó 27 dtír isteach faoi ghlao 2023 an Chiste don Nuálaíocht ar thograí le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasacha (glao IF23 NZT) ([5]). Osclaíodh an deasc chabhrach le linn thréimhse chur isteach an togra agus d'fhreagair sí 1 106 cheist ó iarratasóirí.

Leis na tograí, arb é is aidhm dóibh astaíochtaí GCT a laghdú beagnach 1,4 billiún tCO_2-eq thar na chéad 10 mbliana oibríochta, cuireadh isteach ar EUR 24,6 billiún san iomlán (níos mó ná sé oiread an bhuiséid a bhí ar fáil). Deimhnítear leis an leibhéal rannpháirtíochta nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo i nglao IF23 an ról ríthábhachtach atá ag an gCiste maidir le tacú le ceannródaithe teicneolaíochta glaine na hEorpa agus maidir le hacmhainneacht mhonaraíochta an Aontais a mhéadú le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasacha.

Tá éagsúlacht ann maidir leis an líon tograí a fhaightear le haghaidh gach **topaice** incháilithe:

(i) 137 dtogra le haghaidh tionscadail mhórscála ghinearálta,
(ii) 56 thogra le haghaidh tionscadail monaraíochta teicneolaíochta glaine,
(iii) 51 thogra le haghaidh tionscadail mheánscála ghinearálta agus tionscadail phíolótacha,
(iv) 42 thogra le haghaidh tionscadail mhionscála ghinearálta.

Faoi mhonaraíocht teicneolaíochta glaine, chuir formhór na dtograí isteach ar mhonaraíocht chomhpháirteanna le haghaidh táirgeadh hidrigine. Chuir an chuid eile isteach ar an luachshlabhra ceallraí agus ar fhuinneamh in-athnuaite: caidéil ghrianchumhachtaithe, caidéil ghaoithe agus teaschaidéil.

([5]) Seoladh glao IF23 an 23 Samhain 2023 agus buiséad EUR 4 bhilliún ar fáil dó, lena n-áirítear EUR 1,4 billiún go sonrach le haghaidh tionscadail monaraíochta teicneolaíochta glaine.


I gcatagóir na soghluaisteachta ([6]) (10 % den líon tograí a fuarthas), chuir níos mó ná 70 % de na tograí isteach ar an earnáil mhuirí.

An 23 Deireadh Fómhair 2024, ag deireadh an nós imeachta meastóireachta, d'fhógair AS CLIMA go raibh beagnach EUR 4,8 billiún d'ioncam trádála astaíochtaí á infheistiú aige in 85 thionscadal a roghnaíodh ó 18 dtír ([7]). Ba cheart na tionscadail sin a chur i bhfeidhm roimh 2030 agus d'fhéadfaidís astaíochtaí GCT a laghdú thart ar 476 mhilliún tCO_2-eq thar a gcéad 10 mbliana oibríochta.

Bhí éagsúlacht ann maidir leis an líon tionscadal a roghnaítear le haghaidh gach **catagóire** incháilithe:

(i) 47 dtionscadal i gcatagóir na dtionscal dianfhuinnimh, lena n-áirítear gabháil, úsáid agus stóráil carbóin (as 204 thionscadal a fuarthas),
(ii) 18 dtionscadal i gcatagóir an fhuinneamh in-athnuaite (as 65 thionscadal),
(iii) 12 thionscadal i gcatagóir na stórála fuinnimh (as 35 thionscadal),
(iv) 8 dtionscadal i gcatagóir na soghluaisteachta, lena n-áirítear iompar muirí, aeriompar agus iompar de bhóthar (as 34 thionscadal).

Den chéad uair, fuair gach ceann de na 149 dtionscadal ar éirigh leo sa mheastóireacht Séala STEP, lipéad cáilíochta nua a bhronntar ar thionscadail ardcháilíochta a rannchuidíonn le cuspóirí an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP). Chomh maith leis na 85 thionscadal a réamhroghnaíodh le haghaidh cistithe, fuair 64 thionscadal a scóráil os cionn na dtairseach meastóireachta ar fad ach nár roghnaíodh le haghaidh cistithe an séala freisin. Fágfaidh sé sin go mbeidh sé níos éasca dóibh rochtain a fháil ar dheiseanna breise le haghaidh tacaíocht phoiblí agus phríobháideach.




Fíor 1: Luach deontais arna dhámhachtain agus buiséad bunaidh na dtionscadal de réir topaice glao (IF23 NZT)[8]


([6]) Cuireadh an chatagóir nua sin isteach chun athbhreithniú 2023 ar an Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí.

([7]) Tá an Eastóin agus an tSlóvaic san áireamh anois. D'fhéadfadh athrú teacht ar an líon tionscadal a roghnófar tar éis an comhaontú deontais a tharraingt suas.


([8]) Faoi Airteagal 3 den Chinneadh ón gCoimisiún maidir le gníomhaíochtaí a mhaoiniú faoin gCiste don Nuálaíocht, ceadaítear méadú suas le 20 % os cionn na ranníocaíochta uasta. Baineadh úsáid as sin mar gheall ar ardchaighdeán na n-iarratas a fuarthas sa ghlao.




Fíor 2: An líon tionscadal a roghnaíodh le haghaidh cistithe de réir thír an chéad suímh (IF23 NZT)



Fíor 3: Luach deontais arna dhámhachtain do thionscadail de réir thír an chéad suímh (IF23 NZT)



Fíor 4: Luach deontais arna dhámhachtain de réir catagóir tionscadail



Fíor 5: Luach deontais arna dhámhachtain ag an earnáil tionscadail

2.1.2. Seoladh ghlaonna IF24

An 3 Nollaig 2024, sheol an Coimisiún glaonna 2024 ar an gCiste don Nuálaíocht, agus EUR 4,6 billiún curtha in áirithe chun borradh a chur faoi theicneolaíochtaí glan-nialasacha, feithiclí leictreacha, monaraíocht ceall ceallraí agus hidrigin in-athnuaite.

Roinneadh an buiséad foriomlán ina thrí ghlao ar thograí:

(i) EUR 2,4 billiún ar fáil le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasachta (glao IF24 NZT),
(ii) EUR 1 bhilliún ar fáil le haghaidh monaraíocht ceall ceallraí feithiclí leictreacha (ceallra IF24),

(iii) EUR 1,2 billiún chun hidrigin in-athnuaite a tháirgeadh([9]) (ceant IF24).

Áirítear i ngach ceann de na trí ghlao **critéir nua athléimneachta** chun tacú le REPowerEU agus chun an tAontas a chosaint ar spleáchas ar sholáthróir aonair.

Is é is aidhm do **ghlao IF24 NZT** tacú le tionscadail dícharbónaithe ar scálaí éagsúla agus le tionscadail lena ndírítear ar mhonaraíocht chomhpháirteanna le haghaidh fuinneamh in-athnuaite, stóráil fuinnimh, teaschaidéal agus táirgeadh hidrigine. Déanfar measúnú ar thionscadail ar bhonn a n-acmhainn laghdaithe GCT, méid nuálaíochta, aibíocht an tionscadail, inmhacasamhlaitheacht agus costéifeachtúlacht. Den chéad uair riamh, bhí tíortha in ann buiséad foriomlán na nglaonna tráthrialta a fhorlíonadh le scéimeanna cistithe náisiúnta le haghaidh tionscadail dícharbónaithe agus tionscadail giniúna fuinnimh ghlain ([10]). Leis an rogha nua sin, ar a dtugtar '**Deontais mar Sheirbhís**', ceadaítear do thíortha incháilithe leas a bhaint as próiseas meastóireachta an Chiste don Nuálaíocht agus an próiseas formheasa Státchabhrach a chuíchóiriú.

Is rud úrnua é an glao **ceallra IF24**. Is é is aidhm dó tionscal monaraíochta ceallraí an Aontais a neartú trí thacú le tionscadail a tháirgeann cealla nuálacha ceallraí feithiclí leictreacha. Tabharfar tacaíocht le tionscadail roghnaithe d'**aistriú an Aontais chuig bonn tionsclaíoch glan, iomaíoch agus athléimneach**, rud a laghdóidh an spleáchas ar allmhairí agus a chothóidh forbairt teicneolaíochtaí glana agus ceannaireacht thionsclaíoch.

An 17-18 Nollaig 2024, d'eagraigh CINEA agus CLIMA laethanta faisnéise ar líne chun príomhghnéithe agus critéir dhámhachtana an dá ghlao agus na gceachtanna a foghlaimíodh ó ghlaonna roimhe seo a chur i láthair. Bhí go dtí an 24 Aibreán 2025 ag tionscnóirí tionscadail chun iarratas a dhéanamh. Tá coinne leis go síneoidh iarratasóirí a n-éireoidh leo comhaontuithe deontais faoin gcéad ráithe de 2026.

Tugtar tuairisc bhreise ar **cheant IF24** sa tuarascáil.

2.2. Ceantanna

2.2.1. Torthaí cheant IF23

An 19 Feabhra 2024 d'fhógair CINEA go bhfuarthas 132 thairiscint ó 17 dtír le haghaidh cheant IF23 ([11]). Bhí an ceant 15 oiread ró-shuibscríofa. Osclaíodh an deasc chabhrach le linn thréimhse chur isteach an tairisceana agus d'fhreagair sí 352 cheist ó iarratasóirí.

Ba é 8.5 gigeavata (GW) an toilleadh iomlán beartaithe leictrealóra le haghaidh na dtairiscintí uile. Thar 10 mbliana, d'fhéadfadh méid táirgeachta iomlán 8.8 milliún tona hidrigine in-athnuaite a bheith mar thoradh air sin. Gach bliain, d'fhéadfadh sé sin beagnach 10 % de sprioc 2030 REPowerEU maidir le táirgeadh hidrigine in-athnuaite intíre a chumhdach.

Bhí idir EUR 0.37 agus EUR 4.50 (buaicphraghas) in aghaidh an chileagraim hidrigine a táirgeadh i gceist leis na tairiscintí a cuireadh isteach.

As na 132 thairiscint, bhí 119 díobh incháilithe agus inghlactha. Tar éis a meastóireachta, rangaigh CINEA na tionscadail fhormheasta ar bhonn a bpraghais tairisceana.

([9]) Arna catagóiriú mar bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch.


([10]) Tá Deontais mar Sheirbhís ar fáil freisin le haghaidh tionscadail mhonaraíochta teicneolaíochta glaine ó 2025.

([11]) Seoladh ceant IF23 an 23 Samhain 2023 agus buiséad EUR 800 milliún ar fáil dó. Bhí go dtí an 8 Feabhra 2024 ag tairgeoirí chun iarratas a dhéanamh.

Faoin 30 Aibreán 2024, bhí seacht dtionscadal roghnaithe chun deontas ón gCiste don Nuálaíocht de bheagnach EUR 720 milliún a fháil. Chuir siad tairiscintí isteach ar phraghas idir EUR 0.37 agus EUR 0,48 in aghaidh an chileagraim de hidrigin in-athnuaite a tháirgtear.

Faoin 7 Deireadh Fómhair 2024, bhí a gcomhaontuithe deontais faoi seach sínithe ag sé cinn de na seacht dtionscadal. Cuirfear na tionscadail chun feidhme i gceithre thír ([12]). Is é EUR 695 mhilliún méid iomlán na tacaíochta. Gheobhaidh siad fóirdheontas idir EUR 8 milliún agus EUR 245 mhilliún le haghaidh suiteálacha a bhfuil acmhainneacht mheigeavata leictreach (MWe) acu idir 35 MWe agus 500 MWe. Ní bhfaighidh siad an fóirdheontas a dhámhfar ach amháin má tháirgeann siad hidrigin ar breosla in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch í atá deimhnithe agus fíoraithe laistigh de thréimhse suas le 10 mbliana.

Tá suas le 5 bliana ag na tionscadail atá roghnaithe anois chun tús a chur le hidrigin in-athnuaite a tháirgeadh. Tá sé d'acmhainn acu suas le 1.52 milliún tona de hidrigin ar breosla in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch í a tháirgeadh le linn a gcéad 10 mbliana oibríochta, agus níos mó ná 10 milliún tCO_2-eq a sheachaint. Freastalóidh a dtáirgeadh ar go leor earnálacha, amhail an earnáil mhuirí, earnáil an iompair tromshaothair, earnáil na talmhaíochta agus táirgeadh an ríomh-mheatáin agus an ríomh-mheatánóil.



Fíor 6: Acmhainneacht tairisceana na sé tháirge de bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch shínithe ar éirigh leo i gceant IF23

2.2.2. Seoladh cheant IF24

Bhí sé d'aidhm ag **ceant IF24**, an dara ceant faoin mBanc Eorpach Hidrigine, tacú le tionscadail chun hidrigin ar breosla in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch í a tháirgeadh gan beann ar an earnáil ina n-ídeofar é (EUR 1 bhilliún) agus le tionscadail le ceannaitheoirí san earnáil mhuirí (EUR 200 milliún). Méadaíodh buiséad an cheant EUR 400 milliún i gcomparáid le ceant IF23.

Chun ullmhú le haghaidh iarratais, d'fhéadfadh tionscnóirí tionscadail féachaint ar dhoiciméid an ghlao agus ar an rannán 'Ceisteanna agus freagraí' ar an Tairseach 'Cistiú agus Tairiscintí'. Mhol an Coimisiún dóibh freisin a ráthaíocht comhlíonta a phlé le hinstitiúid airgeadais a luaithe is féidir chun cur leis an seans go n-éireoidh leo. An 10 Nollaig 2024, d'eagraigh CINEA Lá Faisnéise ar líne chun príomhghnéithe agus critéir dhámhachtana an ghlao nua agus na gceachtanna a foghlaimíodh ó ghlaonna roimhe seo a chur i láthair. Bhí go dtí an 20 Feabhra 2025 ag tairgeoirí

([12]) An Fhionlainn, an Iorua, an Phortaingéil agus an Spáinn.

chun iarratas a dhéanamh. Tá coinne leis go síneoidh tairgeoirí rathúla comhaontuithe deontais laistigh de 9 mí ó dhúnadh an ghlao.

2.2.3. Ceantanna mar Sheirbhís

Le linn cheant IF23, thairg an Coimisiún den chéad uair an fhéidearthacht ceant mar sheirbhís a dhéanamh. Leis an scéim, ceadaítear do thíortha incháilithe maoiniú a thabhairt do thairgeoirí nach roghnaítear le haghaidh tacaíocht airgeadais mar gheall ar theorainneacha buiséadacha. Dá bhrí sin, is féidir le tíortha incháilithe tairbhiú de phróiseas roghnúcháin ar fud an Aontais agus cistí náisiúnta a úsáid chun tacú le tionscadail ar a gcríoch gan gá le ceant ar leith a reáchtáil ar an leibhéal náisiúnta. Áirithítear leis sin formheas tapa cuíchóirithe ar státchabhair, rud a laghdóidh ualaí riaracháin agus costais do na páirtithe uile.

Ba í an Ghearmáin an chéad tír a bhain úsáid as an ngné sin, agus leithdháil sí suas EUR 350 milliún óna buiséad ar thairiscintí incháilithe a bhí lonnaithe sa tír. Formheasadh an cinneadh sin faoi rialacha an Aontais maidir le Státchabhair an 5 Aibreán 2024 ([13]).

An 18 Samhain 2024, d'fhógair an Spáinn, an Liotuáin agus an Ostair go mbeidís rannpháirteach sa scéim le haghaidh cheant IF24, agus gheall siad suas le EUR 836 mhilliún ó chistí náisiúnta chun tacú le tionscadail ina dtíortha féin.

Is bealach éifeachtúil é cistiú a shlógadh faoi ardán ceantála aonair de chuid an Aontais chun deiseanna a mhéadú agus costais don tionscal a laghdú an tráth céanna. Léirítear leis na gníomhaíochtaí sin tiomantas na mBallstát spriocanna náisiúnta agus spriocanna an Aontais a bhaint amach maidir le fuinneamh glan a ghlacadh agus tacú le dícharbónú tionscail.

2.3. Naisc le cláir eile

2.3.1. An Banc Eorpach Infheistíochta (BEI)

An 2 Bealtaine 2024, d'fhógair BEI go raibh sé ag tacú le rolladh amach Eavor-Loop, tionscadal nuálach cumhachta agus téimh gheoiteirmigh sa Bhaváir, le hiasacht dar luach beagnach EUR 45 mhilliún. Bhí deontas sínithe cheana féin ag tús 2023 ag an tionscadal, a roghnaíodh le linn an dara glao mórscála ar thograí de chuid an Chiste don Nuálaíocht. Leagtar béim sa chinneadh sin ar an ról luachmhar atá ag an gCiste maidir le príomhtheicneolaíochtaí inscálaithe a chistiú agus tacú leo chun aeráidneodracht agus slándáil fuinnimh a bhaint amach.

An 3 Nollaig 2024, d'fhógair an Coimisiún agus BEI comhpháirtíocht nua chun tacú le hinfheistíochtaí in earnáil monaraíochta ceallraí an Aontais. Mar thoradh ar an gcomhpháirtíocht sin, cuirfear EUR 200 milliún (ráthaíocht iasachta) leis an gclár InvestEU ón gCiste. Tagann sé sa bhreis ar an EUR 1 bhilliún atá ar fáil le haghaidh monaraíocht ceall ceallraí feithiclí leictreacha faoi ghlao ceallra IF24. Mar chuid den chomhpháirtíocht nua, tá BEI ag infheistiú EUR 1,8 billiún breise sa slabhra luacha ceallraí níos leithne. Beidh EUR 3 bhilliún san iomlán de thacaíocht phoiblí mar thoradh ar na hiarrachtaí comhpháirteacha sin chun tionscal ceallraí Eorpach iomaíoch agus inbhuanaithe a fhorbairt.

Tá BEI freagrach freisin as cúnamh forbartha tionscadail chun rochtain ar chistiú ón gCiste agus ó scéimeanna eile de chuid an Aontais, deontais náisiúnta agus maoiniú príobháideach a éascú. In 2024, shínigh agus chuir BEI 23 chomhaontú cúnaimh forbartha tionscadail chun feidhme. San iomlán, cuireadh 30 sannadh cúnaimh forbartha tionscadail i gcrích. Ó cuireadh tús leis an gclár,

([13]) Féach na Treoirlínte maidir le Státchabhair don aeráid, do chosaint an chomhshaoil agus don fhuinneamh.

tá comhaontú tacaíochta sínithe ag 62 dtionscadal agus curtha chun feidhme. Tá tionchar an chúnaimh forbartha tionscadail ag éirí níos feiceálaí. In 2024 fuair naoi dtionscadal nár éirigh leo deontas faoi ghlao IF23. Leathnaíodh an cúnamh forbartha tionscadail chun forbróirí tionscadail nár chuir isteach ar an gCiste go fóill a chur san áireamh, agus tá iarratais á ndéanamh go díreach chuig BEI anois.

Chomh maith le tionscnóirí a chumasú chun a dtograí a bheachtú, déanann BEI é níos éasca freisin rochtain a fháil ar dheiseanna cistiúcháin eile. In 2024, fuair ceithre thionscadal deontas nó bronnadh stádas speisialta orthu ar an leibhéal náisiúnta, roghnaigh Breakthrough Energy Catalyst trí thionscadal mar fhaighteoir deontais/maoiniúcháin nó mar fhiontar fuinnimh, áiríodh ceann amháin ar liosta na dtionscadal leasa choitinn, agus ceann eile ar liosta thionscadal Shéala STEP.

2.3.2. An tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP)

An 7 Feabhra 2024 sheol an Coimisiún STEP, tionscnamh arb é is aidhm dó iomaíochas tionsclaíoch an Aontais a mhéadú agus a spleáchais sheachtracha a laghdú. Le STEP, déantar na hacmhainní airgeadais a ghiaráil ó raon clár cistiúcháin de chuid an Aontais, lena n-áirítear an Ciste don Nuálaíocht. Cuireann sé lipéad cáilíochta i bhfeidhm chun infheictheacht níos fearr a thabhairt do thionscadail a bhfuil gealladh fúthu i dteicneolaíochtaí atá glan agus tíosach ar acmhainní agus domhain agus digiteach.

I mí Dheireadh Fómhair 2024, roghnaigh an Coimisiún 85 thionscadal glan-nialasachta nuálacha chun deontais dar luach EUR 4,8 billiún san iomlán a fháil faoi ghlao IF23. Bronnadh Séala STEP ar na tionscadail uile sin. Fuair 64 thionscadal neamhchistithe breise séala freisin, agus d'aontaigh 39 díobh go bhfoilseodh an Coimisiún a gcuid faisnéise.


Ó mhí na Nollag 2024 ar aghaidh, foilsíodh an chéad liosta de thionscadail ar bronnadh Séala STEP orthu ar Thairseach STEP. Cuireann an Coimisiún na tionscadail sin chun cinn go gníomhach i measc comhlachtaí cistiúcháin phoiblí, e.g. údaráis bhainistíochta na gCistí Beartais Comhtháthaithe agus na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta sna Ballstáit, agus i measc infheisteoirí príobháideacha. Mar shuaitheantas idirdhealaithe, ba cheart do Shéala STEP cuidiú le tionscadail maoiniú príobháideach a mhealladh.

3. STAID PHUNANN AN CHISTE DON NUÁLAÍOCHT IN 2024

3.1. Forbhreathnú ar thorthaí na nglaonna

Ó bhí 2020 ann, d'eagraigh an Coimisiún ocht nglao ar thograí le haghaidh deontais thráthrialta agus dhá cheant tairisceana iomaíocha ([14]). Faoi dheireadh 2024, bhí comhaontuithe deontais, arbh fhiú EUR 7.4 billiún ar an iomlán iad i dtacaíocht, sínithe ag 131 thionscadal. Bhí comhaontuithe le haghaidh 86 thionscadal eile á dtarraingt suas. Bhí na glaonna uile ró-shuibscríofa, agus bhí an meánmhéid a iarradh naoi n-uaire níos airde ná an buiséad a bhí ar fáil.

([14]) Bhí glao agus ceant IF24 oscailte chun tograí a chur isteach ón 31 Nollaig 2024.




Fíor 7: Miondealú ar thorthaí rannpháirtíochta sa ghlao ([15])

3.2. Aibíocht tionscadail, stádas cur chun feidhme agus dúshláin

Faoi dheireadh 2024, bhí an gharsprioc ‘deireadh na bliana airgeadais’ bainte amach ag 36 thionscadal san iomlán. Léirítear leis an ngarsprioc go bhfuil an cistiú is gá agus na ceadanna comhshaoil agus tógála araon faighte ag na tionscadail. As na 36 thionscadal sin, tá dul chun cinn déanta ag seacht gcinn acu go dtí an chéad gharsprioc eile, ‘Teacht i bhfeidhm’, arna fhormheas ag CINEA. Idir an dá linn, tá na 82 thionscadal ghníomhacha eile ag iarraidh an stádas ‘deireadh na bliana airgeadais’ a bhaint amach faoi láthair. Go dtí seo, bronnadh EUR 306 mhilliún trí bhíthin na n-eisíocaíochtaí seo a leanas idir na 44 thionscadal a fuair íocaíocht.

([15]) Ós rud é go rangaítear tionscadail cheantála incháilithe de réir praghais, níl aon chatagóir ‘os cionn na tairsí’ ábhartha.



Fíor 8: Céim an tionscadail

Foirceannadh

Faoi dheireadh 2024, bhí deireadh curtha le 11 thionscadal san iomlán, naoi gcinn acu le linn na bliana. Idir an dá linn, tá 120 tionscadal leanúnach ann ([16]) (ní raibh comhaontuithe deontais sínithe fós ag tionscadail IF23 NZT).

I measc na gcúiseanna le foirceannadh bhí méaduithe móra gan choinne ar chostais tionscadail (cúig thionscadal), tarraingt siar comhpháirtí tionscadail (dhá thionscadal), méaduithe ar phraghsanna bunábhair (tionscadal amháin), neamhábaltacht ceannaitheoir oiriúnach a aimsiú (tionscadal amháin), sárú ar oibleagáidí faoin gcomhaontú deontais (tionscadal amháin) agus neamhábaltacht teacht ar chinneadh infheistíochta deiridh (tionscadal amháin).


3.3. Punann de réir earnála

Tá cúig chatagóir i bpunann an Chiste ([17]):

(i) gabháil agus stóráil carbóin (GSC)
(ii) tionscail dianfhuinnimh
(iii) stóráil fuinnimh
(iv) soghluaisteacht
(v) stóráil fuinnimh in-athnuaite.


([16]) Is éard is ‘tionscadail leanúnacha’ ann na tionscadail shínithe sin ar cuireadh tús leo ach nach bhfuil foirceanta go fóill.

([17]) Tá gach anailís punainne bunaithe ar thionscadail atá gníomhach (nár foirceannadh) agus a bhfuil comhaontuithe deontais sínithe acu amhail an 31 Nollaig 2024. Dá bhrí sin, áirítear sé cinn de sheacht dtionscadal ceant hidrigine IF23, ach ní raibh aon tionscadal de chuid ghlao IF23 NZT sa phunann an tráth sin.




Fíor 9: Miondealú ar an tionscadal de réir catagóire (an líon tionscadal agus maoiniú arna dhámhachtain)

Is iad na hearnálacha is mó a léirítear i bpunann an Chiste 'Hidrigin' (22 thionscadal), 'Stroighin agus aol' (13 thionscadal), agus 'Comhpháirteanna a mhonarú le haghaidh fuinneamh in-athnuaite nó stóráil fuinnimh' (11 thionscadal). Is é 'Stroighin agus aol' fós an earnáil a fhaigheann an cistiú is mó (EUR 1,9 billiún), mar gheall ar an infheistíocht mhór is gá le haghaidh tionscadail stroighne agus aoil, lena n-áirítear teicneolaíocht GSC go ginearálta. Ba é 'Hidrigin' an earnáil a fuair an dara méid is mó tacaíochta (EUR 1,4 billiún), ós rud é gur infheistíocht trasearnála í hidrigin a thacaíonn leis an dícharbónú ar fud earnálacha éagsúla, lena n-áirítear an eitlíocht agus an earnáil mhuirí (trí bhreoslaí sintéiseacha), tionscail dianfhuinnimh (breoslaí iontaise a athsholáthar i bpróisis éagsúla lena n-áirítear monaraíocht cruach agus táirgeadh teasa) agus giniúint leictreachais (stóráil fuinnimh fhadtéarmach). Tá infheistíocht ard freisin in earnáil na gceimiceán (EUR 790 milliún) agus sna scaglanna (EUR 290 milliún), agus tá tionscadail éagsúla ann atá dírithe ar phríomhtháirgí amhail plaistigh, bithbhreoslaí, meatánól, amóinia agus ceimiceáin orgánacha a chur in ionad breoslaí iontaise.



Fíor 10: An líon tionscadal de réir earnála




Fíor 11: Cistiú arna dhámhachtain de réir earnála

3.4. Cothromaíocht gheografach


Ag deireadh 2024, bhí aon tionscadal de chuid an Chiste don Nuálaíocht amháin ar a laghad sínithe ag 24 de na 30 tír incháilithe san Aontas agus in LEE, agus bhí trí thionscadal leanúnacha ar a laghad ag 14 thír. Is iad an Spáinn (21), an Fhrainc (14), an Iodáil (11), an Ghearmáin (10) agus an Ísiltír (9) na tíortha a bhfuil an líon is mó tionscadal acu. Le torthaí IF23, méadófar an líon tíortha a bhfuil aon tionscadal amháin ar a laghad acu i bpunann an Chiste don Nuálaíocht go 26, agus bronnfar tionscadail ar an Eastóin agus ar an tSlóvaic araon.

Is é an phríomhchúis nach bhfuair ach líon beag tionscadal cistiú sna tíortha eile nach bhfuarthas a lán tograí ó na tíortha sin. Suas le IF23 agus é sin san áireamh, bhí seacht dtionscadal inghlactha curtha isteach ag iarratasóirí sa Rómáin, dhá thionscadal i Lucsamburg agus ceann amháin i Málta. Ní bhfuarthas aon iarratas ó Lichtinstéin.



Fíor 12: An líon tionscadal de réir thír an chéad tsuímh ([18])

Ar bhonn cistiúcháin, fuair an Spáinn (EUR 1,0 billiún), an Ghearmáin (EUR 867 milliún), an tSualainn (EUR 782 mhilliún), an Bheilg (EUR 671 mhilliún) agus an Iorua (EUR 572 mhilliún) an sciar is mó de thacaíocht ón gCiste don Nuálaíocht. Is é is cúis leis an difríocht idir cistiú agus an líon tionscadal an chaoi a bhfuil meánmhéid an tionscadail níos mó i dtíortha amhail an Bheilg, an Iorua agus an tSualainn, ina bhfuil sciar níos mó de thionscadail tionscail dianfhuinnimh amhail tionscadail cruach ghlais agus tionscadail GSC, a bhíonn ina n-infheistíochtaí níos mó atá dian ar chaipiteal de ghnáth.




Fíor 13: Cistiú arna dhámhachtain de réir tíre

([18]) Tá suíomhanna tionscadail bunaithe ar phríomhshuíomh an tionscadail. Ní chuirtear an tír is tairbhí san áireamh.

Ar ndóigh, bíonn tionchar ag tosca éagsúla ar an sciar geografach den chistiú a d'fhéadfadh tír a fháil. Féadfar a áireamh orthu sin an líon tograí a chuireann tír isteach, méid a geilleagair, an líon gníomhaíochtaí tionsclaíocha incháilithe, an tacaíocht a thugann na Ballstáit d'eintitis a tharraingíonn suas tograí, infhaighteacht cómhaoinithe agus mar sin de. I gcás tionscadail cheantála, is comaoin mhór é praghas an leictreachais freisin. Bronntar cistiú ón gCiste don Nuálaíocht ar thionscadail ar bhonn barr feabhais amháin. Ní chuirtear cothromaíocht gheografach san áireamh agus tionscadail á roghnú ach amháin go pointe teoranta ([19]).

Chun sciar an chistithe a fhaigheann tíortha i ndáil le méid a ngeilleagair agus láithreacht tionscal ábhartha a léiriú, déantar comparáid thíos idir OTI agus sciar astaíochtaí CTA.


Is léir dúinn go bhfuil geilleagair mhóra amhail an Ghearmáin, an Fhrainc agus an Iodáil sách tearcionadaithe i ndáil lena sciar CTA agus OTI araon. I gcás na Gearmáine agus na Fraince, tiocfaidh feabhas ar an staid sin le torthaí ghlao IF23 NZT, agus sciar EUR 664 mhilliún bronnta ar thionscadail sa Ghearmáin agus sciar EUR 518 milliún bronnta ar thionscadail sa Fhrainc. Áirítear an Bheilg, an Iorua, an Spáinn agus an tSualainn ar thíortha a fheidhmíonn go rómhaith i ndáil lena sciar CTA agus le méid a OTI araon.



Fíor 14: Raon geografach de réir sciar OTI([20]) agus sciar de chistiú ón gCiste don Nuálaíocht

([19]) Sa ghlao ar dheontais thráthrialta, agus tionscadail a bhfuil an scór céanna acu á n-ordú, tugtar tosaíocht do thograí ó thíortha ina bhfuil líon níos lú tograí ardchéime.

([20]) Olltáirgeacht intíre ag praghsanna margaidh 2024 (Eurostat 2025).



Fíor 15: Raon geografach de réir sciar CTA ([21]) agus sciar de chistiú ón gCiste don Nuálaíocht

Tá roinnt sásraí curtha i bhfeidhm ag an gCiste don Nuálaíocht chun cuidiú leis na Ballstáit uile agus le tíortha LEE tograí ardcháilíochta ar an gCiste don Nuálaíocht a chur isteach. Áirítear orthu sin tacú le pointí teagmhála náisiúnta i ngach Ballstát, cúnamh teicniúil do thíortha a bhfuil leibhéil ísle rannpháirtíochta acu agus cúnamh forbartha tionscadail ag a bhfuil príomhtháscairí feidhmíochta geografacha sonracha a sholáthar.

3.5. Seachaint GCT

Leis an 120 tionscadal i bpunann an Chiste ag deireadh 2024, tá coinne leis go seachnófar 489 milliún tCO_2-eq san iomlán le linn a gcéad 10 mbliana oibríochta, rud a chomhfhreagraíonn, ar an meán, do EUR 69 de chistiú in aghaidh an kg de choibhéis CO_2 a seachnaíodh.

([21]) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:32020D2166.



Fíor 16: Seachaint gás ceaptha teasa a bhfuil coinne leis de réir glao

4. CUMARSÁID A DHÉANAMH AGUS INFHEICTHEACHT A MHÉADÚ

4.1. Líonra na bpointí teagmhála náisiúnta

Tacaíonn an Ciste go gníomhach le húdaráis náisiúnta agus cuireann sé aiseolas ar fáil trí rannpháirtíocht i laethanta faisnéise náisiúnta agus i ngníomhaíochtaí for-rochtana áitiúla. Laistigh den sruth oibre 'Cúnamh teicniúil le haghaidh na mBallstát', cuireadh seisiúin oiliúna ar fáil do na pointí teagmhála náisiúnta uile de chuid an Chiste. Ina theannta sin, cuireadh ábhair chumarsáide ar fáil i dteangacha áitiúla chun cuidiú le pointí teagmhála náisiúnta ina n-iarrachtaí áitiúla for-rochtana agus cumarsáide. In 2024, cumhdaíodh i gcúig sheisiún oiliúna ábhair amhail straitéisí cumarsáide, sásra an cheant hidrigine in-athnuaite agus conas is féidir deontais an Chiste a chomhcheangal le foinsí cistithe poiblí eile ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon. Rinneadh glaonna tráthrialta ar dhul chun cinn chun pointí teagmhála náisiúnta a choinneáil cothrom le dáta maidir leis na forbairtí polaitiúla is déanaí. Leanfaidh an sruth oibre sin ar aghaidh in 2025 le conradh nua, arb é is aidhm dó ról na bpointí teagmhála náisiúnta a fheabhsú maidir leis an gCiste a chur chun cinn go háitiúil agus aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar iarrataí na n-iarratasóirí.

4.2. Grúpa saineolaithe an Chiste don Nuálaíocht agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara

D'eagraigh an Coimisiún dhá chruinniú de ghrúpa saineolaithe an Chiste in 2024: an 27 Meitheamh agus an 14 Samhain 2024 ([22]). Cuireadh torthaí cheant IF23 agus ghlao IF23 i láthair ag na cruinnithe, mar aon le torthaí an chomhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara maidir leis an nglao ar thograí IF2024 atá ar na bacáin. Pléadh freisin na téarmaí agus na coinníollacha agus na Ceantanna mar Sheirbhís le haghaidh cheant hidrigine in-athnuaite 2024 (ceant IF24). Cuireadh i láthair freisin buaicphointí ghlaonna 2024 atá ar na bacáin ar theicneolaíochtaí glan-nialasachta

([22]) Tá miontuairiscí na gcruinnithe le fáil anseo: https://climate.ec.europa.eu/eu-action/eu-funding-climate-action/innovation-fund/innovation-fund-expert-group_en.

(glao IF24) agus ar mhonaraíocht ceall ceallraí feithiclí leictreacha (ceallra I24). Ba é cuspóir na gcruinnithe na forbairtí is déanaí sa Chiste a chur i láthair agus ionchur a bhailiú ó thíortha incháilithe agus ó ionadaithe tionscail maidir leis na treoracha a bheadh le glacadh ag an gCiste amach anseo.

4.3. Comhroinnt eolais

Is é is aidhm do ghníomhaíochtaí comhroinnte eolais taithí agus aiseolas beartais a fuarthas trí theicneolaíochtaí ceannródaíocha a chur chun feidhme a roinnt le forbróirí tionscadail, le hinfheisteoirí, le húdaráis phoiblí agus leis an bpobal. In 2024, reáchtáladh trí imeacht thiomnaithe comhroinnte eolais iata, inar díríodh ar chonairí teicneolaíochta éagsúla. Sa chéad imeacht, an 21 Márta 2024, díríodh ar shlabhra luacha an fhuinnimh in-athnuaite agus cuireadh aiseolas beartais ar fáil d'údaráis áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus d'údaráis an Aontais. Sa dara ceardlann, i mí Dheireadh Fómhair 2024, a bhain leis an téama GSC, tugadh le chéile tionscadail gabhála CO_2 a fhaigheann tacaíocht ón gCiste don Nuálaíocht, oibreoirí stórála CO_2 féideartha agus ionadaithe na mBallstát agus an Choimisiúin Eorpaigh. Ar deireadh, dhírigh ceardlann tionscadail hidrigine ar na príomhthátail le haghaidh tionscadal, ó chéim an cheadaithe go dtí céim na tógála. Soláthraítear achoimre ar ghníomhaíochtaí comhroinnte eolais sa 'Tuarascáil bhliantúil maidir le comhroinnt eolais ón gCiste don Nuálaíocht'.

An 11 Aibreán 2024, d'eagraigh an Coimisiún agus CINEA an ceathrú Comhdháil maidir leis an Teicneolaíocht Ghlan. Rinne na rannpháirtithe iniúchadh ar bhealaí chun borradh a chur faoi mhonaraíocht gléasanna teicneolaíochta glaine agus a gcomhpháirteanna le haghaidh fuinneamh in-athnuaite agus stóráil fuinnimh san Eoraip. Chuir Maroš Šefčovič, Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin an Choimisiúin, tús leis an gcomhdháil trí bhéim a leagan ar thábhacht na monaraíochta teicneolaíochta glaine don Eoraip. Léiríodh le roinnt tionscadal conairí agus réitigh nithiúla atá dírithe ar thacú le haistriú na hEorpa chuig an aeráidneodracht. Tugadh an chomhdháil chun críche le díospóireacht maidir le hinfheistíochtaí i monaraíocht teicneolaíochta glaine a scaoileadh. Mheall an ócáid lucht féachana éagsúil, lena n-áirítear lucht ceaptha beartas, infheisteoirí, ceannairí tionscail agus páirtithe leasmhara eile, a d'ardaigh feasacht ar an iliomad deiseanna gnó a chuireann an Ciste ar fáil d'airgeadaithe poiblí agus príobháideacha. D'fhreastail 400 rannpháirtí san iomlán ar an láthair, le hais 900 rannpháirtí a bhí nasctha leis an mbeoshruth ar líne, rud a léiríonn for-rochtain fhairsing an imeachta.

4.4. Scéalta ratha

In 2024 chuir AS CLIMA agus CINEA seacht scéal tionscadail ar fáil a fheidhmíonn mar uirlisí cumarsáide fíor-riachtanacha ina mínítear teicneolaíochtaí casta ar bhealach is féidir le daoine atá ina gcónaí san Aontas a thuiscint go héasca. Tá ról ríthábhachtach ag na scéalta maidir le feasacht a mhúscailt faoi thionscnaimh an Aontais chun dul i ngleic leis an athrú aeráide, agus tionchair inláimhsithe CTA AE agus an Chiste a chur i dtábhacht agus pobail áitiúla a chur ar an eolas faoi thionscadail réigiúnacha chun úinéireacht agus bród a chothú. Thairis sin, méadaítear infheictheacht le scéalta tionscadail, agus cuirtear deiseanna ar fáil le gur féidir le tionscadail infheisteoirí agus páirtithe leasmhara a d'fhéadfadh a bheith ann a mhealladh agus tacaíocht phoiblí áitiúil a bhailiú an tráth céanna. Foilsítear iad ar shuíomh gréasáin AS CLIMA agus cuirtear ar fáil iad ar na hardáin meán sóisialta atá againn, rud a chuireann ar ár gcumas dúinn teagmháil a dhéanamh le lucht féachana níos leithne.

5. CONCLÚID

In 2024, rinne an Ciste don Nuálaíocht comhdhlúthú breise ar a ról mar ionstraim lárnach chun tacú le haistriú an Aontais chuig an aeráidneodracht. Trí EUR 11.2 billiún ([23]) a ghealladh faoi dheireadh 2024 chun teicneolaíochtaí ceannródaíocha a chur in úsáid, chun iad a chur ar an margadh agus chun teicneolaíochtaí níos aibí a mhéadú, chun naisc le cláir agus institiúidí airgeadais eile de chuid an Aontais a neartú agus an t-eolas a fuarthas sa phróiseas a chomhroinnt go forleathan, chuir an Ciste don Nuálaíocht go mór le dícharbónú costéifeachtach thionscail na hEorpa agus, an tráth céanna, mhéadaigh sé an t-iomaíochas tionsclaíoch agus an tslándáil fuinnimh. Ós rud é go bhfuil ró-éileamh fós ar ghlaonna agus ar cheantanna, cuirtear i dtábhacht an gá atá le tacaíocht phoiblí agus léirítear ábharthacht an Chiste do dhúshlán na hEorpa a bheith ar an gcéad mhór-roinn aeráidneodrach faoi 2050.

Tá an Ciste don Nuálaíocht fós an-ábhartha chun cuspóirí an Chomhaontaithe maidir le Tionsclaíocht Ghlan a chur chun cinn agus chun plean an Aontais maidir le rathúnas agus iomaíochas inbhuanaithe a chur chun feidhme. Cé go bhfuil deiseanna soiléire ann réitigh dhícharbónaithe a bhfuil géarghá leo a fhorbairt, tá dúshláin fós le sárú. Chun cuidiú le tionscadail nuálacha a dhéanamh níos rathúla agus chun tíolacadh tograí a spreagadh i ngach Ballstát, tá an Ciste don Nuálaíocht ag neartú a uirlisí le haghaidh tacaíocht tosaigh ag céim forbartha an tionscadail. Go sonrach, d'fhéadfadh cúnamh forbartha tionscadail agus tacaíocht do phointí teagmhála náisiúnta tuilleadh feabhais a chur ar an gcothromaíocht gheografach agus earnála. Ar an taobh eile, is féidir le gnéithe 'mar sheirbhís' an Chiste don Nuálaíocht tionchar an Chiste a mhéadú agus an t-ualach riaracháin ar iarratasóirí agus ar riaracháin náisiúnta araon a laghdú an tráth céanna.

Tá 199 dtionscadal ghníomhacha i bpunann dhinimiciúil an Chiste don Nuálaíocht cheana féin a roghnaíodh in 26 thír agus tá sí ag fás níos tapúla ná riamh. I mí Dheireadh Fómhair 2024, fógraíodh gur roghnaíodh 85 thionscadal eile in 18 dtír ó ghlao glan-nialasach IF23 agus ón nglao sin amháin. Le seoladh, ag deireadh 2024, glaonna teicneolaíochta glan-nialasachta, monaraíochta ceallraí agus hidrigine in-athnuaite ar fiú EUR 4.6 billiún iad, leanfaidh an Ciste dá ról a chomhdhlúthú maidir le dlús a chur leis an dícharbónú tionsclaíoch agus maidir le teicneolaíochtaí glana straitéiseacha a mhéadú ar fud an Aontais.

([23]) Áirítear leis sin tionscadail leanúnacha atá sínithe cheana féin agus tionscadail a roghnaíodh ó IF23 ach nach bhfuil sínithe go fóill.